Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15228/25**

**TRANS 533**
**COWEB 143**
**ELARG 140**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2026 a ghlacadh |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2026 a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ('an Conradh')[1] a fhormheas thar ceann an Aontais trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) De bhun Airteagal 35 den Chonradh, tá Coiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobal Iompair ('an Coiste Stiúrtha') le buiséad an Chomhphobail Iompair a ghlacadh gach bliain. Ina theannta sin, le hAirteagal 35 den Chonradh tugtar de chumhacht don Choiste Stiúrtha cinntí a ghlacadh lena sonraítear an nós imeachta um chur chun feidhme an bhuiséid.

(3) Tá an Coiste Stiúrtha le cinneadh a ghlacadh maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2026 ag an seisiún deireanach a bheidh aige in 2025.

(4) Buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2026 atá beartaithe, tá gá leis chun go bhfeidhmeoidh Buan-Rúnaíocht agus comhlachtaí an Chomhphobail Iompair mar is cuí. Cumhdaítear leis na costais a bhaineann le hacmhainní daonna, taisteal, trealamh TF agus bogearraí, chomh maith le caiteachas oibríochtúil, mar shampla staidéir, fothú acmhainneachta, cúnamh teicniúil agus eagrú comhdhálacha agus cruinnithe.

---

[1] IO L 278, 27.10.2017, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2017/1937/oj.

[2] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/392/oj).

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha a mhéid a bhaineann leis an gcinneadh maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2026 a ghlacadh a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh sin ina cheangal ar an Aontas de bhua Airteagal 25(1) den Chonradh.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Choiste Stiúrtha a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair ('an Coiste Stiúrtha') a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2026 a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Stiúrtha atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*